Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/4900

15.9.2025

**Caingean arna tabhairt an 25 Iúil 2025 – Maurten v EUIPO – 226ers Sports Things (SOLID 225)**

**(Cás T-499/25)**

(C/2025/4900)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Maurten AB (Göteborg, an tSualainn) (ionadaí: P. Olson, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc*: 226ers Sports Things, SL (Alcoy, an Spáinn)

## Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Dílseánach an trádmhairc atá faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh 'SOLID 226' – trádmharc an Aontais Eorpaigh Uimh. 18 713 140

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 20 Bealtaine 2025 i gCás R 1761/2024-2

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc;

— i gcás idirghabhála an páirtithe eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc sna himeachtaí, a ordú don pháirtí sin na costais a íoc sna himeachtaí.

## Saincheist dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 59(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.